


Conair Oidhreachta Chill Dara (15-1-2018)



# KILDARE TOWN

HERITAGE CENTRE & TOURIST OFFICE



### 1. Baile Chill Dara (Teach an Mhargaidh)

*Ar oscailt: Luan - Sath 9:30r.n. -1:00 i.n. & 2:00- 5:00 i.n.*

An áit chuí chun tús a chur le do thuras timpeall ceann de na bailte is sine in Éirinn. Tá an t-ionad lonnaithe i dteach athchóirithe an mhargaidh, a tógadh san 18ú haois. Tá Lasair Bhríde le feiscint lasmuigh, a bhronn Uachtarán Máire Nic Ghiolla Íosa ar Mhuintir na hÉireann i 2006.

### 2. Ardeaglais Naomh Bríd

*Ar oscailt (Bealt.- D. Fómhair) : Luan - Sath 9:30r.n. -1:00 i.n. & 2:00- 5:00 i.n. Domh. 2:00- 5:00 i.n.*

*(Iontráil dheireanach 4:40 i.n. Do dhátaí/amanna difriúla, déan teagmháil leis an Ionad Oidhreachta)*

Faigh blaiseadh de bhreis is 700 bliain stairiúla agus ná déan dearmad ar ghuí a dhéanamh fad is a bhíonn tú ag siúl timpeall an tséipéil iontaigh seo. Tá sé suite ar an sean láthair do chlochar Naomh Bríd. Tógadh an Ardeaglais seo idir 1223 agus 1230. Bhí sí ag titim as a céile faoin mbliain 1500 agus ina fothrach cruthanta i 1649. Tosaíodh ar í a dheisiú i 1686 agus bhí an ardeaglais atógtha ina iomlán, idir 1875 agus 1896. Rinneadh tuilleadh oibre ar an bhfoirgneamh i 1996.

### 3. Cloigtheach

*Ar oscailt (Bealt.- D. Fómhair) : Luan- Sath 9:30-1:00 & 2:00- 5:00 i.n. Domh. 2:00-5:00 i.n.*

*(Iontráil dheireanach 4:40 i.n. Do dhátaí/amanna difriúla, déan teagmháil leis an Ionad Oidhreachta)*

Tapaigh an deis chun dul in airde ceann de na cloigthithe is airde in Éirinn. Thosnaigh obair ar an túr seo sa 12ú haois, agus úsáideadh gaineamhchloch agus eabhar chun é a thógaint. Is féidir gach aird sa chontae a fheiceáil ón mbarr ( 108 troigh/33 méadar ón dtalamh ) , agus roinnt mhaith eile sa chúige.

### 4. Teampall Tine Naomh Bríd

*Ar oscailt: Luan- Domhnach 10:00 r.n.- 5:00 i.n.*

Is tú ag tabhairt cuairte ar an Ardeaglais, is fiú spaisteoireacht ó thuaidh, áit gur féidir leat bunchloch an tsean-theampall tine a fheiscint. Ar feadh na gcéadta bliain, ar an gCéad lá de mhí Feabhra- Lá 'le Bríde- lasadh tine dheasghnách ar an láthair seo. Sa bhliain 1993, ath-lasadh an tine seo, agus tá an lasair á choimeád ag na Brigidine Sisters in Ionad Solais Bhríde.

### 5. Caisleán Chill Dara

*Ar chúl Óstán Silken Thomas, feictear an túr deireanach atá fós ina sheasamh den chaisleán seo, ón 12ú haois. Ceann de na caisleáin ba thábhachtaí ag na Normannaigh i gCúige Laighean a bhí anseo. Chuir an suíomh tábhachtach go mór le cumhacht na nGearaltach sa cheantar seo.*

### 6. An Mhainistir Bhán

*Is fiú roinnt ama a chaitheamh ag fiosrú shean-eaglais na gCairmeileach, atá ar an láthair seo le seacht gcéad bliain anuas. Tógadh an Mhainistir Bhán sa bhliain 1290, le cabhair ó William de Vesci, Iarla Chill Dara.*

## **7. An Mhainistir Liath**

*Tionscnamh eile de chuid William de Vesci ab ea An Mhainistir Liath, a tógadh thart ar 1254, d'Ord na bPrionsiasach. Is anseo a cuireadh roinnt mhaith de na hIarlaí, ach faraoir, is beag atá fágtha de na fothraigh anois.*

## **8. Ionad Siopadóireachta Bhaile Chill Dara**

Ar oscailt: Luan - Céad., Aoine, Sath. 9.00-8.00 i.n.; Déar. 9.00- 9.00 i.n. Domh. 10.00-8.00 i.n. Faigh faoiseamh le sladmhargáí suas go 60% as ar feadh na bliana in Ionad Siopadóireachta Bhaile Chill Dara.

## **9. Solas Bhríde & Dísirt**

*Ar oscailt: Luan- Aoine 9:00- 5:00 i.n. (Sath./ Domh. le coinne)*

Faigh síocháin agus suaimhneas spioradálta san Ionad Spioradálta Críostaíochta seo, a chuireann fáilte roimh dhaoine ó ghach creideamh, chomh maith leo siúd gan creideamh ar bith acu. Is í sprioc an ionaid seo ná oidhreacht Naomh Bríd a fhiosrú, agus nasc a dhéanamh idir an seansaol agus an aois seo.

## **10. Tobar Bhríde**

Tá an tobar seo lonnaithe gar don Mhainistir Dhubh agus an tarae a d'úsáid Naomh Bríd. Is láthair dhúthrachta agus chráifeachta é seo don naomh, go háirithe ar a lá féile, an chéad lá de mhí Feabhra.

## **11. An Mhainistir Dhubh**

Tógadh an mhainistir seo am éigin roimh 1212, ag na Spidiléirí, i mbaile fearainn na Tulaí. Tá na fothraigh den Mhainistir Dhubh seo le feiscint ar thalamh na Graí Náisiúnta.

## **12. An Ghraí Náisiúnta & Gairdíní**

*Ar oscailt (Feabh.-D. Fomh.): Luan-Sath. 9.00-6.00i.n.*

An Coirnéal Hall Walker a bhunaigh an ghraí seo san Tulach i 1900 agus ansin i 1945, cheannaigh Rialtas na hÉireann í. B'é Tasa Eida a thóg Na Gairdíní Seapánacha idir 1906-1910, mar shiombail ar shaol an duine. Tá ceithre acra de choillte agus siúlóid chois locha mar chuid de Ghairdín Naomh Fachtna. I dteannta sin, tá cillín manaigh le taispeántas gloine ó Waterford Crystal le feiscint. Tá taispeántas eile ar shaol uaisle na rásaíochta le hiniúchadh i Músaem na gCapall.

## **13. Machaire an Churraigh**

Más ag siúl, ag rith nó ag rothaíocht atá tú, tá taitneamh le baint as an gCurrach. Is í ceann de na ceantair fhéarthalmhaíochta leathnádúrtha is mó san Eoraip í, le 5000 acra d'éagsúlacht speiceas féir. Treisíonn an féar seo cnámha na gcapall agus tá fáil sa cheantar seo ar chuid de na capaill rásaíochta is fearr ar domhan. Tá clú is cáil idirnáisiúnta ar Ráschúrsa an Churraigh agus tá lárionad Fórsaí Cosanta na hÉireann, chomh maith le músaem míleata sa cheantar máguaird freisin.

### **Naomh Bríd**

Tháinig sí lena cuid siúracha sa bhliain 480 A.D. Bheartaigh sí socrú síos ag Druim Criaig, ag féachaint anuas ar mhachaire an Churraigh. Is anseo, faoi scáth crainn darach ollmhór, a thóg sí a mainistir agus a thug ainm an chontae agus an bhaile dúinn- Cill Dara.

D'iarr sí ar Rí Laighean roinnt talún a thabhairt di, go dtógfadh sí áit chónaithe. Mar chúiteamh ar mháchail a leigheas dó, d'aontaigh sé an méid talún a chlúdódh a brat a thabhairt di- de réir na seandálaíochta, scaipeadh an brat ar mhachaire an Churraigh ina iomlán!

### **Cathair Mhanacúil**

D'ionsaigh na Lochlannaigh na cathracha manachúla de bharr na maoine a bhí le fáil iontu. Rinneadh cúig ionsaí dhéag ar Bhaile Chill Dara, ag tosnú sa bhliain 835, agus thug na Lochlannaigh leo na cumhdaigh a bhain le Naomh Bríd agus Naomh Connladh.

### **Cill Dara sa Mheánaois**

Tá an patrún sráide a bhí le feiscint timpeall na hArdeaglaise agus an Chaisleáin sa Mheánaois aitheanta anois, ach mar go raibh baile Chill Dara lasmuigh den Pháil, níor fhás an baile faoi mar a rinne bailte eile a bhí níos sábháilte, mar shampla Nás na Ríogh. Tar éis teipeadh ar oilithreacht agus lucht leanúna Naomh Bríd de bharr an Reifirméisín, agus na gcogaí marfacha sa 17ú haois, chuaigh stádas an tsuímh i léig.

### **Cogadh agus Éirí Amach**

D'fhulaing Cill Dara arís is arís eile de bharr troda idir na taoisigh máguaird, a bhí sa tóir ar theidil agus ar thalamh na mainistreach- ba luachmhar an suíomh oilithreachta í dóibh siúd a bhí i gceannas uirthi.

### **Baile Rathúil**

Tháinig meath ar an mbaile go dtí lár an 18ú haois, toisc nach raibh abhainn sa cheantar agus toisc nach raibh an baile lonnaithe ar phríomh-bhealach. Sa bhliain 1731 áfach, rinneadh bóthar dola den bhóthar idir Nás na Ríogh agus Port Laoise, agus dá bhrí sin bhí Cill Dara ar ais ar an bpríomh-bhóthar go Baile Átha Cliath. Gan amhras, chabhraigh sé seo ó thaobh cúrsaí eacnamaíochta de, toisc an líon daoine ag dul thar bráid.

### **Baile Garastúin**

Osclaíodh an chéad dún míleata sa bhliain 1901. I 1922, d'fhág fórsaí Shasana agus trí bhliain ina dhiaidh sin, tháinig an Cór Airtléire nua-bhunaithe go Cill Dara. Sa bhliain 1998, d'fhágadar sin an baile, agus dúnadh an bheairic.

*GUIDIGO: Chun teacht ar thráchtairacht do Chonair Oidhreachta Chill Dara, féach [www.quidigo.com](http://www.quidigo.com)*

### **Ionad Oidhreachta Chill Dara**

Is díol spéise do thurasóirí í an tIonad Oidhreachta i mbaile álainn Chill Dara. Tá clú is cáil ar an gceantar toisc tionscal na gcapall, agus tá sé lonnaithe ar phríomh-bhóthar Baile Átha Cliath/ Luimneach / Corcaigh (N7), i ngiorracht cúig nóiméad don Ghraí Náisiúnta & Gairdíní, agus Rás-chúrsa an Churraigh.

Lonnaithe i dteach athchóirithe an mhargaidh, a tógadh san 18ú haois, léireoidh taispeántais ilmheánacha scéal an bhaile- idir nua is sean. Tógfaidh manach ón 7ú haois d'arbh ainm Cogitosus ar thuras spreagúil thú, ó am Naomh Bríd agus a cill in 480 AD, go dtí ré na Lochlannach agus cumhacht na Normannach. Sna Meánaoiseanna, bhí mainistreacha na bProinsiasach agus na gCairmilíteach láidir sa cheantar, agus bhí rian Éirí Amach 1798 ar an mbaile chomh maith. Le himeacht ama, d'fhás Cill Dara isteach ina bhaile margaidh agus ina bhaile nua-aimseartha, ach fós ag coimeád naisc le seandálaíocht tríd na patrúin sráide, an Cloigtheach agus an Ardeaglais, suíomhanna a mheallann turasóirí chun tuilleadh fiosraithe a dhéanamh ar an mbaile ársa seo.

S'í Ionad Oidhreachta Chill Dara an áit chuí chun tús a chur le do thuras timpeall an bhaile, agus moltar go mór cuairt a thabhairt ar na láithreacha atá luaite san Ionad.

### **AR OSCAILT**

EANÁIR – MÍ NA NOLLAG

Luan- Sath: 9.30 r.n.- 5.00 i.n.

Dúnta don lón: 1.00 i.n. – 2.00 i.n.

*(faoi réir athruithe)*

**--SAOR CEAD ISTEACH --**

*Tuilleadh eolais ar fáil ó:* **Tom McCutcheon**

Fón: 00 353 45 530 672

Suíomh Gréasáin: [www.kildareheritage.com](http://www.kildareheritage.com)

Facebook: [www.facebook.com/kildareheritagecentre](https://www.facebook.com/kildareheritagecentre)

Instagram: [www.instagram.com/kildareheritagecentre](https://www.instagram.com/kildareheritagecentre)

Ríomh-phost: [info@kildareheritage.com](mailto:info@kildareheritage.com)